# Bealach Féich-Srath an Urláir Scéim Cosanta Tuilte



## Nuachtlitir Feabhra 2023

SAN EAGRÁN SEO

Iniúchadh Suímh Leathanach 2
Gníomhaíochtaí Timpeallachta Leathanach 3
Hidreolaíocht agus Hiodrálaic Leathanach 4
An Chéad Chéim Eile? Leathanach 5

# Forléargas is Úire

Seo an séú nuachtlitir faoi choinne Scéim Cosanta Tuilte Bhealach Féich-Srath an Urláir. Ar na príomhghníomhaíochtaí a rinneadh ó bhí an nuachtlitir dheireanach ann, tá, samhaltú hiodrálach, ceardlann theicniúil hiodrálaice & tús le hiniúchtaí suímh ag claífort Bhealach Féich.

# Iniúchtaí Suímh (Claífort Bhealach Féich)

Chuir Conraitheoir na nIniúchtaí Talaimh ag claífort Bhealach Féich tús le hoibreacha i mí na Samhna 2022. Cuimsíonn na hoibreacha seo druileáil cábla tuargana, tóraíochtaí dinimiciúla agus croíleacú rothlach. Cuirfidh torthaí na n-oibreacha suímh seo foireann an tionscadail ar an eolas i dtaca le riocht foriomlán an chlaífoirt agus caighdeán na cosanta a thugann sé mar bheart cosanta tuilte. Leanfar de na hoibreacha seo go dtí an chéad leath de mhí an Mhárta, 2023.



*Druileáil Cábla Tuargana ar chlaífort Bhealach Féich, Samhain 2022.*

# Gníomhaíochtaí Timpeallachta

## Suirbhéanna Speisialta

Táthar ag tabhairt faoi na suirbhéanna speisialta bonnlíne timpeallachta faoi choinne Scéim Cosanta Tuilte Bhealach Féich-Srath an Urláir faoi láthair:

- Cuireadh na Suirbhéanna Éiceolaíochta Uiscí i gcrích.
- Cuireadh na Suirbhéanna Ialtóg i gcrích.
- Cuireadh na Suirbhéanna Crann i gcrích. Tá roinnt torthaí ar díol spéise iad le sonrú thíos.



*Feá Eorpach ~ 134 bliain d'aois (ar chlé),*

*Crann Fuinseoige ~ 126 bliain d'aois (ar dheis)*

*Torthaí spéisiúla ó na Suirbhéanna Crann a rinneadh i mBealach Féich-Srath an Urláir*



Tabharfar faoi shuirbhéanna speisialta eile in am trátha nuair a bheas na bearta cosanta tuilte níos sainithe.

## Réitigh Dhúlra-Bhunaithe ar an Bhainistiú Dobharcheantair (RDB-BD)

Tá foireann an tionscadail ag cur críoch leis an mheasúnú ar an acmhainneacht i dtaca le (RDB-BD) i ndobharcheantar na habhann i mBealach Féich-Srath an Urláir d'fhonn an baol tuilte a mhaolú. Tá mapáil na ndobharcheantar curtha i gcrích. Tá athbhreithniú deiridh á dhéanamh ar staidéar féidearthachta iomlán, sula gcuirfear faoi bhráid an ghrúpa stiúrtha é.

# Anailís Hidreolaíochta & Samhaltú Hiodrálach

Tá forbairt na samhla hiodrálaí sa tsiúl. Reáchtáil foireann an tionscadail ceardlann theicniúil le baill den ghrúpa stiúrtha ar an 30/11/2022 le plé a dhéanamh ar dhul chun cinn an tsamhaltaithe go dtí sin. Tá breac-chuntas thíos ar na topaicí a pléadh le linn na ceardlainne.

- Eolas Cúlra
- Tógáil Samhla (1T/2T)
- Calabrú/Fíorúchán i gcoinne teagmhais tuile roimhe seo
- Aschuir Samhla

Tá foireann an tionscadail ag plé i láthair na huaire le haiseolas ón cheardlann theicniúil, sula gcuirfear i gcrích na mapaí fairsinge tuile a úsáidfear i ndearadh na Scéime. Tá an dréacht-tuarascáil hiodrálach lena cur faoi bhráid an Ghrúpa Stiúrtha faoi dheireadh mhí Feabhra 2023.



*Eanáir 2023 – Aimsir gheimhriúil i mBealach Féich. Tá an claífort a bhfuil na hoibreacha iniúchta suímh sa tsiúl air faoi láthair le feiceáil sa chúlra.*

# An Chéad Chéim Eile?

Sna míonna beaga atá romhainn, beidh Foireann an Tionacadail ag obair ar:

- **Cur i gCrích an Iniúchta Suímh ar chlaífoirt na Finne i mBealach Féich agus an measúnú ar chaighdeán na cosanta tuilte a thugann siad.**
- **Leanúint leis na Suirbhéanna Speisialta Timpeallachta.**
- **Cur i gcrích an tSamhaltaithe Hiodrálaigh lena n-áirítear cásanna bonnlíne agus tástáil na roghanna cosanta tuilte.**
- **Leanúint leis an mheasúnú ar an Acmhainneacht le haghaidh Réitigh Dhúlra-Bhunaithe ar an Bhainistiú Dobharcheantair (RDB-BD)**
- **Tús a chur le dréachtú na dTuarascálacha Scagthástála agus Scóipe Measúnachta Tionchair Timpeallachta**
- **Tús a chur le dréachtú na Scagthástála Measúnaithe Iomchuí faoi choinne an Ráitis Tionchair Natura**
- **Measúnú Hidreageomoirfeolaíochta**
- **Tús a chur le forbairt roghanna faoi choinne limistéir atá i mbaol tuilte**

# Déan Teagmháil Linn

**Más mian leat teagmháil a dhéanamh leis an Fhoireann Tionscadail s'againn i dtaca le ceist ar bith a bhaineann le Scéim Cosanta Tuilte Bhealach Féich-Srath an Urláir, tig sin a dhéanamh ar na bealaí seo a leanas:**

## Rphost

Ballybofey-StranorlarFRS@ByrneLooby.com

## Gnáthphost

Bainisteoir Tionscadail Scéim Cosanta Tuilte Bhealach Féich-Srath an Urláir
ByrneLooby
Building 2100
Páirc Ghnó Aerfort Chorcaí
Bóthar Chionn tSáile
Corcaigh

## Fón

+353 (0) 21 240 7988

**Más mian leat aon eolas eile a fháil i dtaca leis an Scéim, lena n-áirítear an clár, tabhair cuairt ar an tsuíomh gréasáin s'againn:**

www.floodinfo.ie/frs/ga/ballybofey-stranorlar/home/